


NÓTAÍ DAMÁISTITHE EURO € AMHÁIN



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Cuireann an Banc Ceannais seirbhís ar fáil ina n-athsholáthraítear luach nótaí bainc agus monaí dílse euro, ar nótaí agus monaí damáistithe nó loite iad. Is féidir nótaí bainc damáistithe a thabhairt chuig do bhanc tráchtála áitiúil agus cuirfidh an banc sin d’iarratas ar aghaidh go díreach chuig an mBanc Ceannais thar do cheann; nó is féidir leat iad a chur isteach sa bhosca seachadta i mBanc Ceannais na hÉireann ar Ché an Phoirt Thuaidh, nó a sheoladh leis an bpost. Déan do thaisce a shórtáil mar seo a leanas:



Ní foláir na nithe seo a leanas a bheith ag gabháil le gach taisce:

1. Foirm chomhlánaithe
2. Sonraí cuntais bainc
3. Cóip de chéannacht fhótagrafach i gcás taiscí os cionn €100

Aon taiscí a dhéanfar leis an bpost, ní mór iad a shórtáil mar atá léirithe thuas agus ní mór na monaí agus nótaí bheith séalaithe i gclúdaigh litreach ar leith. Seol iad chuig Banc Ceannais na hÉireann, Bosca PO 61, P2, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 16.

Tuilleadh faisnéise:

Féach “Mol na dTomhaltóirí” ar www.centralbank.ie, cuir ríomphost chuig currencyservices@centralbank.ie, nó cuir glaoch ar an mBanc Ceannais ar +353 1 2245969.

SONRAÍ TAISCE

Beidh moill ar aisíocaíocht mura gcomhlánaítear an fhoirm i gceart.

Tabhair sonraí maidir leis an NÓTA/na NÓTAÍ atá faoi iamh

| Ainmníocht | Cainníocht | ÚSÁID OIFIGE | Ainmníocht | Cainníocht | ÚSÁID OIFIGE |
|------------|------------|--------------|---------------------|------------|--------------|
| €5 | | | €100 | | |
| €10 | | | €200 | | |
| €20 | | | €500 | | |
| €50 | | | LUACH IOMLÁN | | |

Féadfaidh an Banc Ceannais sonraí pearsanta arna gcur ar fáil agat a phróiseáil chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh nó chun a oibríochtaí gnó a éascú. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí. Is féidir aon cheistanna maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an mBanc Ceannais a sheoladh chuig dataprotection@centralbank.ie. Tá cóip d'Fhógra Priobháideachais an Bhainc Ceannais maidir le Cosaint Sonraí le fáil ar www.centralbank.ie/fns/privacy-statement.